
Oide
Tacú leis an bhFoghlaim Ghairmiúil i measc Ceannairí Scoile agus Múinteoirí
Supporting the Professional Learning of School Leaders and Teachers

# Naisc Úsáideacha

## Sonraíocht Innealtóireacht na Sraithe Sóisearaí

https://tinyurl.com/mukzntjk




## Treoirlínte do na Measúnuithe Rangbhunaithe

https://tinyurl.com/n6m3uc28




## Do Scrúduithe na Sraithe Sóisearaí agus na hArdteistiméireachta 2025

https://tinyurl.com/bdhex2pn




## Socruithe athbhreithnithe maidir le Measúnuithe Rangbhunaithe a chur i gcrích

https://tinyurl.com/2pm5n2p3




## Nóta eolais faoi scrúduithe na Sraithe Sóisearaí i raon ábhar

https://tinyurl.com/2r649nhm




## Acmhainní don lá

https://tinyurl.com/yt29mjn6



# Innealtóireacht - Córas Cosanta Tuilte

Ainm: ____________

'Úsáid an leathanach seo chun do chuid taighde ar an topaic a thaispeáint, dean iarracht réimse leathan taighde a iniúchadh agus a bheith cruthaitheach sa chaoi a gcuireann tú do chuid torthaí i láthair.'

Rinne Pobal 'Shráid Oide' tú a choimisiúnú chun córas cosanta tuilte a dhearadh lena gcuid tithe, gnólachtaí, séipéal agus áiseanna cathartha a chosaint. Caithfidh meicníocht a bheith ag an gcosaint tuilte seo chun é a stóráil go héasca nuair nach mbíonn sé in úsáid. Tá siad ag iarraidh do dhearadh a chur faoi bhráid Chomhairle Contae Chorcaí agus mar sin caithfear údar a thabhairt le haon chinneadh dearaidh.

I ndiaidh duit féachaint ar an bhfíseán a ghabhann leis agus do mhionsamhail chairtchláir a úsáid mar áis:

•Déan do fhréamhshamhail a dhearadh agus a ghléasadh i gcomhair córas cosanta tuilte a d'fhéadfaí a úsáid chun an tsráid a chosaint i gcás tuilte.
•Tabhair údar leis na cinntí dearaidh a dhéanann tú le linn an phróisis.



**Pointe Machnaimh: Cad é atáthar a iarraidh orm a dhéanamh??**

___________________________________________________________________________
___________________________________________________________________________
___________________________________________________________________________

**Critéir Ratha le haghaidh Taighde -** Ba chóir do mo thaighde:
•Teacht ó fhoinsí iontaofa éagsúla
•Teacht ó fhoinsí príomha agus tánaisteacha araon
•A bheith ábhartha don tasc
•A bheith bunaithe ar eolas cothrom le dáta

**Taighde Príomha:** (Ag úsáid do mhionsamhail as cárta)
Cuir in iúl roinnt modhanna a d'fhéadfadh a bheith oiriúnach chun cosc a chur ar uisce ag dul amach ar an tsráid:
:

**Taighde Tánaisteach:** Cad é ar mhaith liom níos mó eolais a fháil faoi chun mo réiteach a fhorbairt tuilleadh?
•Cad iad na cineálacha córas cosanta tuilte atá ann faoi láthair?
•Cad iad na smaointe a d'fhéadfainn a ghlacadh ó réitigh atá ann cheana féin le húsáid i mo réiteach cosanta tuilte?

Chun teacht ar thacaíocht maidir le taighde agus dearadh, is féidir leat 'Mo Threoir Dhearaidh' a fháil anseo

**Bunaithe ar do chuid taighde, cuir in iúl::**
Coincheapa i leith córais chosanta tuilte a d'oirfeadh, dar leat, do Shráid Oide. (Is féidir leathanaigh bhreise a úsáid le haghaidh sceitsí, más gá)

*Córas/córais rialaithe chun an córas/na córais chosanta tuilte a oibriú. (Is féidir leathanaigh bhreise a úsáid más gá chun gnéithe de do dhearadh a chur in iúl.)*

**Déan an córas cosanta tuilte a roghnaíonn tú a fhréamhshamhaltú**
Is féidir é sin a dhéanamh ag úsáid mionsamhail fhisiciúil, mionsamhail chairtchláir / pháipéir, nó acmhainn amhail trealamh an fhréamhshamhaltaithe rialaithe. Cabhróidh siad sin leat do chuid smaointe a bheachtú agus do réiteach á fhorbairt agat

**Córa(i)s rialaithe:** Tar éis meabhrú agus meastóireacht a dhéanamh ar na réitigh fhéideartha a leag tú amach, cuir do réiteach roghnaithe in iúl go mion.

Roghnaigh na comhpháirteanna is gá chun do chóras a oibriú. Déan iad seo a thástáil a mhéid is praiticiúil ar do mhionshamhail

______________________________________________________________

______________________________________________________________

______________________________________________________________

______________________________________________________________

Ar athmhachnamh dom, an bhfuil réiteach cruthaithe agam a fhreastalaíonn ar riachtanais an tionscadail/na coimre seo? Má tá, conas? Mura bhfuil, cén fáth?

______________________________________________________________

______________________________________________________________

______________________________________________________________

______________________________________________________________

CC BY NC

## Comhthéacs na Scoláirí

- Innealtóireacht an Dara Bliain, téarma a dó/a trí

## Réamhfhoghlaim:

Tascanna dearaidh, cineálacha meicníochtaí agus gluaisne, cumarsáid taighde, scileanna déantúsaíochta, scileanna cóimeála. Ciorcad bunúsach a dhearadh agus a thógáil

## Fócas na Foghlama:

- Samhaltú agus Fréamhshamhaltú
- Scileanna dearaidh, cumarsáide agus taighde
- Cinntí dearaidh a chosaint
- Cur i bhfeidhm na meicitreonaice i gcomhthéacs an tsaoil mar atá.

## Torthaí Foghlama Roghnaithe:

1.11: sceitsí, múnlaí agus líníochtaí oibre **a chruthú**
1.13: an teanga agus na nodaireachtaí teicniúla cuí
2.11: smaointe **a chur i láthair** trí shamhaltú agus fréamhshamhlacha, leis na meáin chuí
3.3: léirthuiscint **a léiriú** do mheicníochtaí a chur i bhfeidhm i gcóras rialaithe
3.5: tionchar na meicitreonaice ar an gcomhshaol agus ar an tsochaí **a iniúchadh**

## Príomhfhoghlaim:

•Briathra gnímh a úsáid chun cabhrú le do chuid smaointeoireachta.
•Iniúchadh a dhéanamh ar réiteach tosaigh ag úsáid mionsamhail gearrtha as cárta
•Réitigh atá ann cheana a fhiosrú agus eolas úsáideach a aithint
•Réiteach roghnaithe oiriúnach a léiriú ag úsáid mionsamhail gearrtha as cárta
•Meicníocht oiriúnach a shainaithint chun an réiteach roghnaithe a chumhachtú ag úsáid an trealaimh fréamhshamhaltaithe rialaithe
•Údar a thabhairt leis an réiteach atá roghnaithe agat agus é a chur i láthair

## Déan cur síos ar eispéireas foghlama praiticiúil chun príomhfhoghlaim a ghníomhachtú:




## Cad iad na hacmhainní a bheadh ag teastáil?

Físeán spreagthaigh, samhail fhisiciúil agus chairtchláir de 'Shráid Oide'. Acmhainn Fhréamhshamhail Rialaithe, scriúirí cnónna, scriúirí, bileoga acmhainne, trealamh sceitseála agus meáin le húsáid chun cumarsáid a dhéanamh agus roghanna dearaidh a chosaint. Bileoga machnaimh chun a gcuid foghlama a dhoiciméadú.

## Conas a dhéanfaí measúnú ar an bpríomhfhoghlaim?

•Smaointe dearaidh don chóras cosanta tuilte
•Taighde a rinneadh curtha in iúl agus faisnéis ábhartha a bheith sainaitheanta
•Meicníocht oiriúnach roghnaithe
•Meicníocht tógtha chun an tasc dearaidh a réiteach ag úsáid trealamh fréamhshamhaltaithe rialaithe
•Na roghanna dearaidh a rinneadh cosanta, le tacaíocht ó fhréamhshamhail den réiteach agus sceitsí a shainmhíníonn a réiteach



A3 Bileog Oibre

CC BY NC

# MO CHUID FOGHLAMA A CHUR IN IÚL

Roghnaigh bealach cuí chun an t-eolas agus na céimeanna tábhachtacha den tasc atá idir lámha agat sa rang a chur in iúl. (Líon na boscaí de réir mar is gá, ní chaithfidh tú iad go léir a líonadh)

## Machnamh::

An bhféadfainn meáin eile a úsáid?

Ar éirigh liom an fhaisnéis a chur in iúl?

Ar chuir mé na príomhthéarmaí ar fad san áireamh?

An bhféadfadh duine éigin an tasc seo a dhéanamh gan deacracht de réir mo chuntais

Conas a d'fhéadfainn an cuntas a thug mé ar mo chuid foghlama a fheabhsú?

